

Ráiteas Bhaile Ceanannais

1.0 Réamhrá

Cuirfidh an ráiteas scríofa seo forbheathnú ar fáil don straitéis forbartha do Ceanannas. Ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil mionsonraithe don bhaile le linn saolré an Phlean seo.

2.0 Comhthéacs/Nádúr an Bhaile

Tá stair tábhachtach ag baint le Ceanannas agus tá oidhreacht suntasach ann rud a fhágann mar lonnaíocht ar leith é sa Chontae. Is ceann scríbe tábhachtach turasóireachta é in 'Oirthear Ársa na hÉireann' agus i nGleann na Bóinne mar thoradh ar seo.

Tá an baile suite in aice le mótarbhealach an M3 agus soir ó dheas den teorainn le Contae an Chabháin, agus is ionad cruógach do sheirbhísí áitiúla é a bhfuil geilleagar láidir agus éagsúil ann rud a fhágann gur príomhionad fostaíochta é i dtuaisceart an Chontae.

Tá próifíl gheilleagrach Ceanannais ardaithe de bharr gur hainmníodh Ceantar Bardasach Ceanannais mar Chríos Forbartha Geilleagair Réigiúnaí le gairid rud a fhágann an baile mar láthair atá níos tarraingtí i gcomhair infheistíochta.

Áit san Ordthas Lonnaíochta	Baile Fáis Féinchothaithe – Ionad tábhachtach seirbhísí a fhreastalaíonn ar dhobharcheantar leathan.	
Daonra	6,135 i nDaonáireamh 2016 5,888 i nDaonáireamh 2011	Athrú Céatadain ó 2011 go 2016 + 4%
Leithdháileadh Teaghlaigh faoin gCroistraitéis 2020-2026	452 aonad	
Réamh-mheastachán Daonra 2026	7,135	
Oibrithe Cónaitheacha 2016	2,306	
Líon Iomlán Post 2016	1,543	
Cóimheas Poist:Fhórsa Saothair 2016	0.66	
Aonaid Tithíochta Gheallta Neamhthógtha	Tá 391 aonad atá ar marthain i gCeanannas nach bhfuil tógtha fós	
Dlús molta d'fhorbairt sa todhchaí	35 aonad/heic	
Áiseanna Oideachais	4 bhunscoil, 2 scoil iar-bhunoideachais, agus roghanna cúraim leanaí	
Saoráidí Pobail	Páirc agus clós súgartha, Páirceanna CLG, linn snámha, club leadóige, club liathróid láimhe, club gailf agus galf dhá mhaide, stáisiún na nGardaí, ionad acmhainne do dhaoine, roghanna cúraim leanaí, RFC Chontae na Mí Thuaidh (lasmuigh den bhaile).	

Limistéir Caomhantas Ailtireachta (LCAnna)	<p>Tá 2 Limistéir Caomhantais Ailtireachta i gCeanannas:</p> <p>Cuimsíonn LCA Chroílár Stairiúil Ceanannais roinnt sráideanna, ar a n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> i) Sráid na Croise ii) Sráid an Chaisleáin iii) Sráid na Carraige <p>Tá bóthar ar an ainm céanna ar an taobh thoir den bhaile ináirithe in LCA Phlás Ceanannais.</p>
Déanmhais Chosanta	115 Struchtúr Cosanta. Féach Aguisín Caibidil 8**
Seirbhísí	Dóthain toillte sa soláthar uisce. Toilleadh Fuíolluisce teoranta.
Measúnú Straitéiseach Baol Tuile	Tá Críosanna Tuile A agus B aitheanta laistigh den bhaile mar thailte a dtarlaíonn tuilte iontu ó Shruthán an Rátha Nua.
Láithreáin Natura 2000	Ceantair Speisialta Cosanta Abhainn na Bóinne agus na hAbhann Duibh agus iarrthóir ar Cheantar Speisialta Caomhnaithe

3.0 Fís

“Go mbeadh Ceanannas aitheanta mar ionad geilleagrach straitéiseach don Mhí thuaidh le meascán bríomhar fostaíochta, gnóthaí, miondíola, seirbhísí agus deiseanna turasóireachta, le ceangal bunúsach lena oidhreacht agus a nádúr saibhir staire agus cultúrtha.”

4.0 Deiseanna

- Leanúint ag obair go dlúth le gnóthaí áitiúla chun feabhas a chur ar lár an bhaile trí bheith rannpháirteach i dtionscadail ar nós an Scéim ‘Kickstart’, ar thionscadal píolótach náisiúnta é a mhaoinigh Lónra Bhailte Múrtha na hÉireann, líonra a thacaigh le gnóthaí áitiúla le foirgnimh a phéinteáil agus deisiúcháin bheaga caomhnaithe a dhéanamh.
- Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d’fhorbairt réamhghníomhach ar shuímh fholmha a chuirfeadh feabhas ar bheocht an bhaile agus a bhainfeadh úsáid arís as tailte nach bhfuil dóthain úsáide á bhaint astu faoi láthair.
- Tacú leis an athfhorbairt ar na ‘Tailte Tosaigh’ agus na ‘Tailte Cúil’ agus ar an mbealach sin lonnaíocht níos dlúithe a chruthú. Tugann an láthair lárnach atá ag na tailte sin deis chun comharsanacht inbhuanaithe a chruthú i bhfoisceacht fad siúil ó lár an bhaile.
- Tugann ainmniúchán Ceanannais mar Chríos Forbartha Gheilleagair Réigiúnaigh (REDZ) deis don Pháirc Gnó tuilleadh infheistíochta a mhealladh agus ardú a chuir ar phróifíl gheilleagrach an bhaile.
- Tá earnáil bhríomhar ealaíona agus cultúir i gCeanannas a chabhraigh le tacaíocht a thabhairt do roinnt féilte ardíomhá idirnáisiúnta scannán agus liteartha. Má bhaintear

tairbhe as an acmhainn seo tabharfaidh sé an deis do Ceanannas forbairt mar mhol cultúrtha a ghnóthódh deiseanna fostaíochta agus a neartódh aitheantas pobail sa bhaile.

- Tá deiseanna ann chun leanúint ag forbairt Ceanannais mar cheann sprice turasóireachta I Réigiún Turasóireachta Ghleann na Bóinne agus dhéanfaí é sin trí thacú le feabhsúcháin ar an réimse poiblí agus infheistíocht a dhéanamh in imeachtaí a bhaineann le turasóireacht.

5.0 Straitéis Talamhúsáide

Is í an straitéis fhorbartha atá ag Ceanannas ná feidhm an bhaile a neartú mar ionad seirbhíse I dtuaisceart an chontae trí thacú le forbairt gheilleagrach agus fás ar an daonra a chomhdhlúthú sa chroílár uirbeach agus ag an am céanna forbairt a bhainistiú ar bhealach a chuireann le hoidhreacht ar leith an bhaile.

5.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Is baile stairiúil tarraingteach é Ceanannas a bhfuil sainghné patrúin sráide meánaoiseach ann agus tá foirgnimh a bhfuil cáilíocht oidhreachta shuntasach acu suite go straitéiseach i láithreacha éagsúla ar thaobhanna na sráideanna sin. Tá líonra d'fhorbairtí cónaithe lasmuigh de lár an bhaile agus tá meascán leathan de chineálacha tithe ann.

Níor tháinig mórán fáis ar an daonra ná ar an lucht cónaithe sa bhaile le blianta gairide agus léiríonn sé na tosca geilleagracha a bhí ann le deich mbliana. Mar shampla tá ceadúnas ann le 10 mbliana (a tugadh in 2010) nach bhfuil curtha i bhfeidhm, le haghaidh forbairt mhór a dhéanamh le húsáid mheasctha a chuimsíonn úsáidí cónaithe agus tráchtála. De réir mar atá an geilleagar ag téarnamh tá gníomhaíocht tógála san earnáil chónaithe sa bhaile ag fás go mall, agus cuireadh tús le forbairt ar 74 aonad ar Bhóthar Mhaigh nEalta in 2019. Cuireadh tús freisin le Scéim Tithíochta Chomhairle Contae na Mí a chuimsíonn 40 aonad sa chéad ráithe de 2019.

Díreoidh forbairt an bhaile amach anseo ar an lorg coise uirbeach atá ann a chomhdhlúthú agus timpeallacht atá cothromaithe go maith agus a bhfuil ceangal maith ann agus meascán oiriúnach tithíochta agus úsáidí a chur ar fáil chun a chinntiú go mbeidh an baile in ann freastal ar riachtanais an lucht cónaithe agus an phobail níos leithne.

Tá an acmhainn ag na tailte atá ann agus a bhfuil criosú cónaithe déanta orthu chomh maith le na tailte le húsáidí measctha i suímh na dTailte Tosaigh agus na dTailte Cúil a chinntiú gur féidir an líon aonad cónaithe a bhfuil gá leo a sholáthar le linn saolré an Phlean seo.

5.2 'Tailte Tosaigh' agus 'Tailte Cúil' Ceanannais

Tá dhá phársa mór talún taobh thoir agus taobh thiar de Shráid Bheighthí a bhfuil an fhéidearthacht iontu freastal ar mhéid shuntasach forbartha in aice le croílár uirbeach an bhaile. Tugtar na 'Tailte Cúil' ar na tailte taobh thoir de Shráid Bheighthí agus tugtar na 'Tailte Tosaigh' ar na tailte taobh thiar.

Is gné chriticiúil iad na tailte sin de straitéis fadtéarmach fáis an bhaile de bharr an fhéidearthacht atá acu raon úsáidí a sheachadadh a chuimsíonn, úsáidí tráchtála, cónaithe, pobail, agus caitheamh aimsire in aice le lár an bhaile.

5.2.1 An riachtanas miondíola a bheidh ag Ceanannas amach anseo

Tugadh ceadúnas 10 mbliana in 2010 chun úsáid fhorbartha mheasctha a chuimseodh úsáidí tráchtála agus cónaithe a thógáil sna 'Tailte Cúil'. Ceadáíodh os cionn 15,000m² de spás urláir tráchtála agus miondíola faoin gceadúnas sin. Thabharfadh na cúinsí athraitheacha geilleagracha agus athruithe a bhaineann leo ar iompar thomhaltóirí thar na deich mbliana seo caite le fios nach mórán seans go gcuirfear i bhfeidhm an fhorbairt seo sa leagan amach atá air faoi láthair.

D'aithin an Straitéis Miondíola Contae don Phlean seo riachtanas de spás caoithiúil breise urláir 800-1,250m² agus spás comparáide urláir de 1,000-1,400m² sa bhaile suas go dtí 2026.

Tá i bhfad níos mó talún sa méid spáis talún a ceadáíodh i dTailte Cúil Cheannannais ná mar a theastódh chun freastal ar riachtanais mhiondíola an bhaile.

Tógfair san áireamh na riachtanais bhreise ar spás urláir atá molta do Cheannannas mar a haithníodh sa Straitéis Mhiondíola, agus déanfar nuashonrú ar an gcriosú ar úsáid talún agus ar chuspóirí an Mháistirphlean do Thailte Tosaigh agus do Thailte Cúil agus leasófar na critéir do na Máistirphleananna i leith na dtailte sin chun riachtanais an bhaile faoi láthair agus amach anseo a léiriú.

5.2.2 Straitéis talamhúsáide do na 'Tailte Cúil'

Tá na 'Tailte Cúil' aitheanta d'úsáidí cónaithe, turasóireachta, spás oscailte agus tráchtála. Cuirfidh aon fhorbairt tráchtála le lár an bhaile agus déanfaidh sí tréscailteacht agus ceangal a chinntiú leis na príomhshráideanna siopadóireachta ar an mbaile.

Déanfaidh an fhorbairt chónaithe freastal ar riachtanais athraitheacha áitritheoirí Cheannannais agus cinnteoidh sí go bhfuil rogha oiriúnach cóiríochta ann. Déanfar an chóiríocht seo a dhearadh agus a dhírú chun uasmhéadú a dhéanamh ar a ghairneacht a bheidh sí do na tailte le spás oscailte, rud a chinnteoidh go mbeidh maoirseacht ar an spás oscailte seo agus go mbeidh sé ag cur stíl mhaireachtála ghníomhach chun cinn freisin i láthair i lár an bhaile.

De réir mar a bheidh Ceanannas ag leanúint ag forbairt mar cheann sprice turasóireachta tá deis ann tailte a chur ar fáil i gcomhair úsáidí a bhaineann le turasóireacht gar do lár an bhaile. Chabhródh soláthar na n-áiseanna sin le forbairt gheilleagrach an bhaile.

5.2.3 Straitéis talamhúsáide do na 'Tailte Tosaigh'

Tá deis ann laistigh de Thailte Tosaigh Cheannannais meascán spásanna cónaithe, pobail agus oscailte a chur ar fáil i bhfoisceacht fad siúil de lár an bhaile. Ba chóir na tailte cónaithe a fhorbairt timpeall pháirc uirbeach/ceantar áise a mbeidh rochtain ag áitritheoirí uile an bhaile air. D'fhéadfadh Tobar Cholmcille agus Sruthán na Rátha Nua a bheith ina bpointe lárnach don pháirc seo. D'fhéadfadh aonaid mhaireachtála neamhspleácha do dhaoine scothaosta a bheith mar chuid de na háiseanna pobail, áit a mbeadh buntáiste ag áis mar sin ó cheangal a bheith aici le lár an bhaile. Bheadh gá le bóthar a thógáil a cheanglódh Bóthar Bheigthe le Bóthar an Chabháin chun ceantar na 'dTailte Tosaigh' a fhorbairt. Bhí iarratas i gcomhair an bhóthair seo curtha chuig An mBord Pleanála chun measúnú a dhéanamh air agus é seo á scríobh.

5.3 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Is pointe fócasach geilleagrach don Mhí thuaidh é Ceanannas. Téann an tionchar atá aige amach thar an gceantar máguaird chuig Contaetha na hIarmhí, an Chabháin agus Lú. Cuireadh tuilleadh tailte fostaíochta ar fáil don bhaile in 2017 mar chuid d'éagsúlacht uimh. 1 de Phlean Forbartha Cheannais 2013-19 mar aitheantas ar fhéidearthacht Cheannais chun fostaíocht bhreise a chur ar fáil agus ag tógáil san áireamh an spéis /glacadh méadaithe atá ag gnóthaí a bhfuil fúthu socrú i gCeanannas tar éis an ainmniúcháin REDZ.

Rinneadh thart ar 33 heicteár talún a chriosú ó dheas de Bhóthar na hUaimhe i gcomhair úsáid fhostaíochta straitéisí, a chuimsíonn teicneolaíocht ard-leibhéil agus forbairt mhór bunaithe ar stíl oifige campais chomh maith le éascú a dhéanamh ar lóistíochta, saoráidí stórála, dáileadh, agus bainistíocht slabhra soláthair. Beidh sé riachtanach Máistirphlean (M5) a ullmhú mar chuid den forbairt ar na tailte sin.

Criosaíodh tailte fostaíochta breise gar de Pháirc Gnó Cheannais, agus criosaíodh tailte ar chúil shiopa bia Aldi ar Bhóthar an Chabháin i gcomhair úsáid shaoráid stórála mhiondíola.

Cinnteadh na tailte criosaithe breise sin go mbeidh dóthain tailte ar fáil chun freastal ar riachtanais fhostaíochta Cheannais le linn saolré an Phlean.

5.4 Bonneagar

Is ó Sholáthar Cheannais/An tSean Chaisleáin a fhaigheann Ceanannas soláthar uisce. Tá dóthain toillte sa soláthar uisce aitiúil le freastal ar fhás le linn saolré an Phlean.

Scaoiltear an fuíolluisce isteach in ionad cóireála ar Bhóthar Cheannais. Tá sé beartaithe uasghrádú a dhéanamh ar an ionad cóireála óna thoilleadh faoi láthair ag 8,000 p.e. go 14,500 p.e. Táthar ag súil go dtabharfar an t-uasghrádú seo chun críche le linn saolré an Phlean seo.

5.5 Tuilte

D'aithin Measúnú Straitéise Bhaol Tuile roinnt láithreacha sa bhaile atá i mbaol ó thuilte. Cuimsíonn sé sin tailte forbartha agus neamhfhorbartha. Aithnítear na tailte i mbaol tuilte sa mhapa criosaithe talamhúsáide a ghabhann leis. Chun an baol tuile amach anseo a chosc nó a íoslaghdú, cuirfear cur chuige baol-bhunaithe i dtaca le bainistiú tuile i bhfeidhm i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sna *“Treoirínte um an Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile d’Údaráis Phleanála”* (2009).

5.6 Gluaiseacht

Tá croílár Cheannais tarraingteach agus dlúth, rud a spreagann leibhéil arda siúil. Tá seirbhís rialta bus go Baile Átha Cliath agus chuig bailte mórthimpeall. Cinntíonn an tseirbhís bhus seo, i dteannta leis an láthair atá ag an mbaile ar an líonra bóthair náisiúnta agus réigiúnach (ar an M3/N3 agus an N52) go bhfuil ceangal maith ag an mbaile le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, le Lár Tíre agus le Contaetha na Teorann.

5.7 An Oidhreacht Chultúrtha, Tógtha agus Nádúrtha

Is ó lonnáiocht Mhainistreach, a bhí tiomnaithe do Naomh Columba, a d'fhás Ceanannas agus tá sé ar cheann de na bailte stairiúla cultúrtha is suntasaí sa tír. Tá Ceanannas ináirithe ar Liosta Oidhreachta Domhanda Sealadaigh na hÉireann rud a thugann aitheantas dó mar chuid de *Láithreacha Mainistreacha na Luath-Mheánaoise*. Ina theannta sin tá Ceanannas mar chuid de líonra Bhailte Oidhreachta na hÉireann, a chuimsíonn grúpa roghnaithe de 'Bhailte Oidhreachta'.

Tá dhá Cheantar Caomhantais Ailtireachta (CCAnna) sa bhaile; CCA an Chroílár Stairiúil agus CCA Phlás Ceanannais.

Tá tábhacht reiligiúnach CCA an Chroílár Stairiúil soiléir ón láthair atá ag an Séipéal agus ag an Mainistir ag barr an bhaile. Téann cruth tógtha an CCA seo siar go dtí deireadh an 18^ú céad agus tús an 19^ú céad agus tá ailtireacht agus foirgnimh Seoirseach coitianta sa tsráid-dhreach.

Tá codarsnacht idir foirm líneach CCA Phlás Ceanannais, a chuimsíonn imfhálú ar an spás idir na príomhfhoirgnimh sa bhaile (iar-theach cúirte, halla an bhaile, séipéal, clochar, agus tithe móra baile) agus sráideanna meánaoiseacha níos cúinge sa chroílár stairiúil.

Chomh maith le Ceantair Chaomhantas Ailtireachta, tá 115 struchtúr uimh. liostáilte sa Taifead ar Stuchtúir Chosanta Ceanannais.

Chríochnaigh an Chomhairle staidéar caomhnaithe sráid-dhreacha ar chroílár an bhaile le gairid. Dhírigh sé seo ar oibreacha deisithe agus athchóirithe a theastaigh a dhéanamh ar na foirgnimh dhúchasacha agus ar na teicnící a bhain leis a theastaigh chun na hoibreacha sin a chur i bhfeidhm.

Aithníonn an Plean seo an tábhacht atá le hoidhreacht seandálaíochta agus tógtha Ceanannais agus féachfaidh sé le nádúr agus sláine na gCeantar Chaomhantas Ailtireachta agus na Struchtúr Chosanta sa bhaile a chosaint chun nádúr oidhreachta na lonnáiochta a chothabháil.

5.8 Bonneagar Glas agus Spás Oscailte

Is éard atá i gceist le Bonneagar Glas ná an líonra de spásanna glasa, gnáthóga, agus éiceachórais a bhíonn le fáil i mbailte agus i sráidbhailte. Áirítear leis spásanna oscailte, uiscebhealaí, gairdíní, coillearnacha, conairí glasa, gnáthóga fiadhúlra, crainn sráide, an oidhreacht nádúrtha agus an tuath féin. Is éard is aidhm do bhonneagar glas a aithint ná a chinntiú go dtugtar faoi chur chuige comhordaithe maidir leis an mbonneagar sin a bhainistiú a mbeadh buntáistí ag baint leis do mhuintir na háite agus d'éiceachórais agus do ghnáthóga áitiúla araon.

Is píosa tábhachtach de bhonneagar glas agus de spás oscailte sa bhaile í 'Páirc na nDaoine', ar pháirc phoiblí í atá mórthimpeall Thúr Lloyd.

Tá an Abhainn Dhubh, a ritheann i dtreo na hUaimhe le taobh theorainn thuaidh an bhaile saibhir ó thaobh na hoidhreachta agus an éiceachórais de ach tá a féidearthacht áise teoranta mar sin féin. Tá deis ann an fhéidearthacht le páirc líneach a mbeadh soláthar ann ar shiúlóid agus ar rothaíocht a fhorbairt idir Droichead an Mhábaigh agus Droichead Mhaidilín agus Bóthar Ceanannais a iniúchadh.

Tá na tailte laistigh de chúrsa Gailf Ceanannais saibhir ó thaobh bonneagair glais de. Tá na tailte faoi úinéireacht phríobháideach.

Is iad na príomhcheantair a bhfuil spás oscailte poiblí iontu na 'Páirc na nDaoine' agus an pháirc phoiblí feadh Shráid na Carrraige/an Chuarbhóthair. Tá ceantair pobail le spás oscailte i bhforbairtí cónaithe atá anseo freisin.

Tugann forbairt ar shuímh na 'dTailte Tosaigh' agus na 'dTailte Cúil' i lár an bhaile deiseanna chun páirc uirbeach/líneach a chuimsiú mar chuid den fhorbairt ar na tailte sin amach anseo.

5.9 Bonneagar Sóisialta

Tá freastal maith ar Ceanannas ó thaobh bhonneagar pobail de agus cuimsíonn sé clubanna spóirt, linn snámha poiblí, áiseanna chúraim sláinte, áiseanna chúraim leanaí, ceithre bhunscoil agus dhá iar-bhunscoil. Tá Meánscoil Eureka ag athlonnú chuig campas scoile nua ar Bhóthar an Chabháin a mbeidh acmhainn aici le glacadh le 800 dalta. Tá an scoil le hoscailt i Meán Fómhair 2019.

Leanfaidh an Plean seo ag tacú le háiseanna agus seirbhísí a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais an phobail uile i láithreacha oiriúnacha sa bhaile.

5.10 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Tá buntáiste ag Ceanannas ón a chruth tógtha stairiúil chomh maith lena shráideanna leathana agus a chosáin. Suiteáladh pábháil ar ardchaighdeán, cuireadh crainn agus leagadh amach ceapaí bláthanna ag Sráid Uí Fhearáil agus ag Plás Ceanannais chun feabhas a chur ar spásanna do choisithe mar chuid den infheistíocht a rinneadh le gairid sa réimse poiblí.

Cé nach bhfuil Plás Ceanannais laistigh den chroílár miondíola, tá páirt lárnach aige le freastal ar chuairteoirí a thagann chuig an mbaile. Tá Sráid Uí Fhearáil ar cheann de na cinn sprice miondíola is bríomhaire i lár an bhaile. Tá tábhacht le hinfeistíocht a dhéanamh sa réimse poiblí chun feabhas a chur ar thaithí chuairteoirí ar Ceanannas agus chun cabhrú le forbairt gheilleagrach áitiúil.

Ní mór d'aon fhorbairt ar na 'Tailte Tosaigh' agus na 'Tailte Cúil' aird a thabhairt ar nádúr agus chomhthéacs Ceanannais agus an bhaint atá ag na tailte sin le sráid-dhreach stairiúil agus nádúr Seirseach an bhaile.

6.0 Máistirphleananna

Tá 5 cheantar Máistirphlean aitheanta i gCeanannas. Is éard is aidhm do Mháistirphlean ná a chinntiú go dtugtar faoi chur chuige comhtháite maidir le tailte a chéimniú, a bhainistiú agus a fhorbairt laistigh de Limistéar an Mháistirphlean. Ní bhreithneofar iarratas pleanála gan Máistirphlean a bheith aontaithe i scríbhinn leis an Údarás Pleanála seachas más féidir a chruthú nach mbainfidh an t-iarratas an bun de chuspóirí an Mháistirphlean a bhaint amach.

Máistirphlean	Cur Síos	Stádas
MP 1	<p>Tá na tailte i ceantar Mháistirphlean na 'dTailte Cúil' seo suite ó dheas de lár an bhaile agus tá siad criosaithe i gcomhair úsáidí cónaithe, caitheamh aimsire, tráchtála agus turasóireachta.</p> <p>Ní mór an dáileadh ar úsáidí talún i limistéar an Mháistirphlean a aontú leis an Údarás Pleanála mar chuid d'ullmhú an Mháistirphlean agus ní mór go mbeadh sé i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:</p>	Le hullmhú

Máistirphlean	Cur Síos	Stádas
	<p>i) Nach mbeidh thar 35% de Limistéar an Mháistirphlean aitheanta d'fhorbairt 'Nua Chónaithe'</p> <p>ii) Go mbeidh ar a laghad 20% de Limistéar an Mháistirphlean aitheanta mar Cheantar Spáis Oscailte Ghníomhaí</p> <p>iii) Nach mbeidh thar 45% de Limistéar an Mháistirphlean aitheanta i gcomhair úsáidí tráchtála agus turasóireachta. Cé go bhféadfadh go mbeadh úsáid chónaitheach inghlactha ar na tailte gnó/lár baile, ní mór go mbeadh an úsáid sin bainteach le haon úsáid de chineál gnó/oifige mar chóiríocht 'os cionn talún' nó 'Os Cionn an tSiopa'.</p> <p>Go mbeidh dearadh, leagan amach agus scála aon fhorbairt ar na tailte sin comhlántach le lár stairiúil an bhaile agus go gcinnteoidh sé go bhfanfaidh lár traidisiúnta an bhaile mar Limistéar Miondíola Croíláir an bhaile. Cuimseoidh forbairt chónaithe meascán oiriúnach de chineálacha tithe a dhéanfaidh freastal ar áitritheoirí uile an bhaile agus beidh siad deartha agus dírithe chun uasmhéadú a chur ar a ghaireacht don limistéar caitheamh aimsire/páirc uirbeach a bheidh á chur ar fáil sa Limistéar Máistirphlean.</p> <p>Beidh páirc thírdhreachaithe agus conair a bhaineann léi mar chuid d'aon cheantar caitheamh aimsire.</p> <p>Ní mór go bhforbrófaí an talamh ar bhonn céimnithe a aontófar mar chuid d'ullmhú an Mháistirphlean. Ní mór an pháirc thírdhreachaithe agus an ceantar caitheamh aimsire a fhorbairt sna céimí luatha den fhorbairt, agus ní mór gan thar 40% áitíochta a bheith sna réadmhaoine tráchtála nó cónaithe sula dtabharfar an pháirc agus ceantar caitheamh aimsire seo chun críche.</p>	
MP 2	<p>Cuimsíonn an ceantar Máistirphlean seo na tailte taobh thiar de Shráid Bheighthí /Cearnóg Bheighthí/Sráid na Siofóige agus luaitear iad mar 'Thailte Tosaigh' Cheanannais. Tá ceantar iomlán de c. 15 heicteár sa Mháistirphlean agus déanann sé ionchorprú ar thailte atá criosaithe i gcomhair úsáidí cónaithe, pobail agus spásanna oscailte/caitheamh aimsire.</p> <p>Ní mór an dáileadh ar úsáidí talún i limistéar an Mháistirphlean a aontú leis an Údarás Pleanála mar chuid d'ullmhú an Mháistirphlean agus ní mór go mbeadh sé i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:</p> <p>i) Gan thar 25% de Limistéar an Mháistirphlean a bheith aitheanta mar fhorbairt 'Nua-Chónaithe'</p> <p>ii) Ní mór ar a laghad 25% de Limistéar an Mháistirphlean a bheith aitheanta do Bhonneagar Pobail</p> <p>iii) Ní mór 30% ar a laghad de Limistéar an Mháistirphlean a bheith aitheanta mar Limistéar Spáis Oscailte Gníomhaí</p> <p>iv) Gan thar 20% de Limistéar an Mháistirphlean a bheith aitheanta i gcomhair úsáidí Láir Thráchtála/Baile. Cé go bhféadfadh go mbeadh úsáid chónaitheach inghlactha ar na tailte gnó/lár baile, ní mór go mbeadh an úsáid sin bainteach le haon úsáid de chineál gnó/oifige mar chóiríocht 'os cionn talún' nó 'Os Cionn an tSiopa'.</p>	Le hullmhú

Máistirphlean	Cur Síos	Stádas
	<p>Ní mór go gcuimseodh forbairt na dtailte sin cothromaíocht ábhartha úsáidí cónaithe, pobail agus spásanna oscailte/caitheamh aimsire a thacóidh le lonnaíochtaí dlútha a chruthú agus a dhéanfaidh freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.</p> <p>D'fhéadfadh maireachtáil neamhspleách do dhaoine scothaosta a bheith mar chuid de na húsáidí a bhainfí as na tailte sin.</p> <p>Tá páirc uirbeach/líneach a chruthú a bheadh ar fáil don phobal uile mar ghné lárnach d'fhorbairt na dtailte sin. D'fhéadfadh Tobar Cholmcille agus Sruthán na Rátha Nua a bheith ina bpointe lárnach don pháirc seo.</p> <p>Bheadh gá le bóthar a thógáil a cheanglódh Bóthar Bheighthí le Bóthar an Chabháin i gceist le haon fhorbairt ar na tailte sin.</p> <p>Ní mór go bhforbrófaí an talamh ar bhonn céimnithe a aontófar mar chuid d'ullmhú an Mháistirphlean. Ní mór an Pháirc Uirbeach/Líneach a fhorbairt sna céimí luatha den fhorbairt, agus ní mór gan thar 40% áitíochta a bheith sna réadmhaoine tráchtála nó cónaithe sula dtabharfar an pháirc agus ceantar caitheamh aimsire seo chun críche.</p>	
MP 3	Baineann sé seo le tailte neamhfhorbartha le limistéar de c. 5.7 heic atá criosaithe i gcomhair Páirc Trádstórais Mhiondíola gar do Aldi ar Bhóthar an Chabháin ó thuaidh de lár an bhaile. D'fhéadfadh stórais miondíola, seomraí taispeántais carranna agus limistéir seirbhíse a bheith mar chuid de na húsáidí ar na tailte seo.	Le hullmhú
MP 4	Baineann sé seo le tailte neamhfhorbartha le limistéar de c. 33heic i bPáirc gnó Cheanannais taobh thoir den R147 atá criosaithe i gcomhair úsáidí Fiontraíochta agus Fostaíochta. Déanfaidh forbairt na dtailte sin éascaíocht ar úsáidí tionscail, déantúsaíochta, dáilte, saoráidí stórála agus úsáidí ginearálta fostaíochta/fiontraíochta eile a chur ar fáil i dtimpeallacht deas ar ardchaighdeán.	Le hullmhú
MP 5	Tá limistéar de c. 33.5 heic sa Máistirphlean agus baineann sé le tailte ar an taobh ó dheas de Bhóthar na hUaimhe agus tá sé i gceist leis éascaíocht a dhéanamh ar theicneolaíocht/déantúsaíocht ard-leibhéil agus forbairt mhór bunaithe ar stíl oifige campais agus/nó éascú a dhéanamh ar lóistíochta, saoráidí stórála, dáileadh, agus bainistíocht slabhra soláthair.	Le hullmhú

7.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Baile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrú a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

CEAN BEA 1 Leanúint ag tacú le forbairt inbhuanaithe Cheannais trí fhorbairt ar ardchaighdeán a spreagadh i láithreacha ábhartha a chuireann feabhas ar an timpeallacht tógtha, a fhreastalaíonn ar riachtanais gach cuid den phobal, a léiríonn meas ar stádas oidhreachta an bhaile, agus a ligeann don bhaile a theideal mar ionad tábhachtach fostaíochta agus seirbhíse i dtuaisceart an Chontae a chomhlíonadh.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle:

Lonnaíocht agus Tithíocht

- CEAN CUS 1 Feidhmiúchán Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, chomh fada agus is féidir, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Cheannais mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
- CEAN CUS 2 Tacú le forbairt chónaithe agus é a spreagadh ar thailte nach bhfuil dóthain úsáide á bhaint astu agus/nó tailte folmha ar a n-áirítear láithreáin 'inlíonta' nó 'athfhorbraíochta', faoi réir ardchaighdeán deartha agus leagain amach a bheith bainte amach.
- CEAN CUS 3 Tacú le cónaí lár baile agus éascaíocht a dhéanamh air, an coincheap 'cónaí os cionn an tsiopa' san áireamh.
- CEAN CUS 4 Éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt na dtailte seo a leanas faoi réir ullmhúchán an Mháistirphlean:
- i) Tailte taobh thoir de Shráid Uí Fhearail/Sráid Bheighthí/Plás Cheannais, a dtugtar na 'Tailte Cúil' orthu go háitiúil.
 - ii) Tailte taobh thiar de Shráid Bheighthí/Cearnóg Bheighthí/Sráid na Siofóige a dtugtar na 'Tailte Tosaigh' orthu go háitiúil.
 - iii) Tailte ó dheas de Bhóthar an Chabháin atá criosaithe i gcomhair úsáidí trádstórais.
 - iv) Na tailte neamhfhorbartha i bPáirc Gnó Cheannais.
 - v) An Crios Fostaíochta Straitéise ar thailte ó dheas de Bhóthar na hUaimhe.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

- CEAN CUS 5 Tacú leis an mbaile a chur chun cinn mar cheann sprice cuairteora agus turasóra agus éascaíocht a dhéanamh ar thaithí agus ar fhéilte nua agus nuálacha cuairteora a sheachadadh.
- CEAN CUS 6 Áiseanna cultúrtha a fhorbairt agus a chur chun cinn agus tacú le Mol Cruthaíochta Cheannais agus Oibreacha Péinte Cheannais a bhunú.

CEAN CUS 7	Tacú le moltaí Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne a chur i bhfeidhm de réir mar a bhaineann sé le Ceanannas.
CEAN CUS 8	Forbairt ábhartha ar chroílár miondíola lár an bhaile a spreagadh ar a n-áirítear athúsáid oiriúnaitheach a bhaint as foirgnimh stairiúla a bheadh mar phríomhfhócas ar an fhorbairt mhiondíola ar fad agus tacú leis.
CEAN CUS 9	Éascaíocht a dhéanamh ar chineál ábhartha agus tairiscint/taithí turasóra scálaithe ar an taobh thiar den bhaile sa spás oscailte agus ar na tailte atá criosaithe do thurasóireacht, a léiríonn meas ar oidhreacht an bhaile agus a théann go maith léi a aithint agus a fhorbairt.
CEAN CUS 10	Tacú le húsáidí a théann go maith le chéile ar nós úsáid mhiondíola agus fóillíochta chun iad a shocrú in aice le tarraingteacha turasóireachta agus éascaíocht a dhéanamh orthu.
CEAN CUS 11	Dearadh ar ardchaighdeán a éileamh ar éadan thailte fiontraíochta agus fostaíochta san áit a mbuaileann siad leis an bpríomhbhóthar ón Uaimh a thagann isteach go Ceanannas trí Phlás Cheanannais.

Bonneagar

CEAN CUS 12	Dul i gcomhairle le hUisce Éireann agus tacú leo chun dóthain seirbhísí uisce a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais fhorbartha Cheanannais laistigh de thréimhse an Phlean seo.
CEAN CUS 13	Baol tuile agus forbairt Cheanannais a bhainistiú de réir beartas agus cuspóirí atá leagtha amach i gcuid 6.7.2 d'Imleabhar 1 ar 'Bhainistíocht Bhaol Tuile' an Phlean Forbartha Contae.

Gluaiseacht

CEAN CUS 14	Tacú le na feabhsúcháin coisithe ar na acomhail seo a leanas i lár an bhaile a chur i bhfeidhm agus iad a éascú: R164 Bóthar Oilibhéir Pluincéid agus an R147 Bóthar na Carraige; R941 Bóthar Mhaidilín agus an R147 Bóthar na Carraige; R164 Bóthar Uí Fhearaíl agus an R163 Sráid na gCanónach.
CEAN CUS 15	Tacú le na feabhsúcháin coisithe ar an N52 a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe i gcomhar le na páirtithe leasmhara ábhartha agus iad a éascú.
CEAN CUS 16	An fhéidearthacht le rochtain nua a chur ar fáil don láithreán atá suite soir ó dheas ó Lár Bhaile Cheanannais agus B1 criosaithe (láithreán na 'dTailte Cúil'), tríd an R163 ar Phlás Cheanannais a scrúdú i gcomhar le na páirtithe leasmhara ábhartha.
CEAN CUS 17	Tacú le sráid nua a oscailt suas chun freastal ar thailte criosaithe B1 (láithreán na 'dTailte Tosaigh') atá suite siar ó dheas ó lár an bhaile agus iad a éascú.
CEAN CUS 18	Tacú le lánáí rothaíochta agus uasghrádú ar bhonneagar rothaíochta a ghabhann leis mar a haithníodh laistigh de Phlean Líonra Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur

I bhfeidhm laistigh de lár an bhaile agus é a éascú i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le páirtithe leasmhara eile.

Cultúrtha, Nádúrtha agus Oidhreacht

- CEAN CUS 19 Nádúr Cheantair Chaomhantas Ailtireachta i gCeanannas a chothabháil.
- CEAN CUS 20 A éileamh go mbeadh ar thograí forbartha nua aird a thabhairt ar an tábhacht staire, oidhreachta agus ailtireachta atá leis an mbaile chun na cáilíochtaí sin a chosaint agus a fheabhsú.
- CEAN CUS 21 Éascaíocht a dhéanamh ar rannpháirtíocht a bheith ann le húinéirí réadmhaoine trí thionscnaimh athnuachana a fhaigheann treoir ó oidhreacht (e.g. 'Kickstart') chun tacú le hinfheistíocht, athnuachan agus feabhas a chur ar ailtireacht, ar chruth thógtha stairiúil agus ar chreatlach uirbeach an bhaile.
- CEAN CUS 22 Tacú le Ceanannas a bheith ainmnithe mar chuid de *Láithreáin Mainistreach na Luathmeánaoise* chun a bheith inscríofa mar Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO agus é a spreagadh.
- CEAN CUS 23 Tacú leis an bpobal agus le na príomhpháirtithe leasmhara le *Plean Bithéagsúlachta Pobail Cheanannais 2016-2020* a chur i bhfeidhm.
- CEAN CUS 24 A éileamh go ndéanfadh forbairtí ar scála mór deiseanna a mheas agus an leas is fearr a bhaint astu chun bonneagar glas atá ann a fheabhsú, gnáthóga nua a chruthú agus feabhas a chur ar cheangal leis an tuath níos leithne.
- CEAN CUS 25 An fhéidearthacht le páirc líneach a mbeadh soláthar ann ar shiúlóid agus ar rothaíocht a fhorbairt idir Droichead an Mhábaigh agus Droichead Mhaidilín agus Bóthar Cheanannais a iniúchadh.

Bonneagar Sóisialta

- CEAN CUS 26 A chinntiú go ndéantar soláthar cuí ar áiseanna breise oideachais, sláinte agus caitheamh aimsire sula dtiocfaidh fás ar an daonra cónaithe.
- CEAN CUS 27 Tacú le háiseanna caitheamh aimsire a chur ar fáil i lár an bhaile agus iad a éascú.
- CEAN CUS 28 An fhéidearthacht a aithint le na háiseanna caitheamh aimsire atá ar thailte in aice le Linn Snámha Cheanannais a leathnú agus rochtain díreach coisithe a bheith ar lár an bhaile ó Phlás Cheanannais.

Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

- CEAN CUS 29 Plean réimse poiblí a ullamh do Ceanannas le linn saolré an Phlean seo.
- CEAN CUS 30 Tacú le na feabhsúcháin ar an réimse poiblí a chuimsíonn trasrianta coisithe ag príomhláithreáin chun cabhrú le tarraingteacha turasóireachta ach go háirithe agus iad a éascú.